AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2021
COM(2021) 683 final

2021/0356 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón Spáinn – EGF/2021/004 ES / Aragón automotive

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú le haghaidh Oibrithe Iomarcacha (CED), is rialacha iad a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú le haghaidh Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] (dá ngairtear feasta Rialachán CED).

2. An 26 Iúil 2021, rinne an Spáinn an t-iarratas EGF/2021/004 ES/Aragón automotive a chur isteach, iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi Athbhreithniú 2 NACE, Rannán 29 (Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí) in Aragón (ES24) na Spáinne, réigiún atá ar leibhéal 2 NUTS.

3. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme sa Rialachán maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

ACHOIMRE AR AN IARRATAS

Iarratas ar CED	EGF/2021/004 ES/Aragón automotive
Ballstát	an Spáinn
An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal 2 NUTS[2])	Aragón (ES24)
An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach	26 Iúil 2021
An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas	4 Lúnasa 2021
An dáta a iarradh faisnéis bhreise	9 Lúnasa 2021
An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar	30 Lúnasa 2021
An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích	10 Samhain 2021
An critéar idirghabhála	Airteagal 4(2)(b) den Rialachán maidir le CED
An líon fiontar lena mbaineann	50
An earnáil/na hearnálacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[3]	Rannán 29 (Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí)

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1-56.

[3] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

An tréimhse thagartha (6 mhí):	1 Samhain 2020 – 1 Bealtaine 2021
An líon oibrithe a leagadh as a bpost le linn na tréimhse tagartha (*a*)	592
An líon oibrithe a leagadh as a bpost roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (*b*)	460
An líon iomlán oibrithe a leagadh as a bpost (*a* + *b*)	1 052
An líon iomlán tairbhithe incháilithe	1 052
An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú	320
An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR)	1 600 280
An buiséad le CED[4] a chur chun feidhme (EUR)	52 500
Buiséad iomlán (EUR)	1 652 780
Ranníocaíocht ó CED (85 %) (EUR)	1 404 863

MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

Nós imeachta

4. An 26 Iúil 2021[5], chuir an Spáinn an t-iarratas EGF/2021/004 ES/Aragón automotive isteach, is é sin faoi cheann 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuair sé an t-iarratas an 4 Lúnasa 2021, agus an 9 Lúnasa 2021 d'iarr sé ar an Spáinn faisnéis bhreise a sholáthar. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An spriocdháta 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur leis an measúnú ar chomhlíontacht an iarratais leis na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, is spriocdháta é a rachaidh in éag an 10 Samhain 2021.

Incháilitheacht an iarratais

Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann

5. Baineann an t-iarratas le 592 oibrí iomarcach san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi Athbhreithniú 2 NACE, Rannán 29 (Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí) i bhfiontair atá lonnaithe in Aragón (ES24), réigiún atá ar leibhéal 2 NUTS.

Na fiontair agus an líon daoine a leagadh as a bpost le linn na tréimhse tagartha			
Adieconti S.L.	11	Lear Corporation Asientos S.L.	26
Adient Automotive S.L.	4	Lecitrailer Post Venta Zaragoza S.L.	1
Adient Seating Spain S.L.	7	Lecitrailer S.A.	1
Af Aftermarket Iberica S.L.	1	Magna Automotive Spain S.A.U.	2
Android Industries Zaragoza S.L.	13	Mahle Behr Spain S.A.	1
ArcelorMital Tailored Blanks Zaragoza S.L.	1	Majorel Sp Solutions S.A.U	2

[4] I gcomhréir leis an gcúigiú mír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/691.

[5] Cuireadh an teorainn ama 12 seachtaine ar fionraí idir an 30 Aibreán 2021 agus an 3 Bealtaine 2021 i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/691.

Na fiontair agus an líon daoine a leagadh as a bpost le linn na tréimhse tagartha			
Carrocerías Moncayo S.L.	1	Mann-Hummel Iberica S.A.	63
Carrocerías Vicam S.L.	1	Modulos Ribera Alta S.L.U.	1
Carrocerías Vicente Salomon Sanz S.L.	2	Opel España S.L.U.	181
Casting Ros S.A.	1	Proma Hispania S.A.Ad	5
Celulosa Fabril S.A.	1	Remolques Jalon S.L.	1
Cooper Estándar Automotive España Slu	11	Rhenus Automotive Systems Zaragoza	2
Copo Aragón S.L.U.	1	Rigual S.A.	2
Copo Zaragoza S.A.	11	Ronal Iberica S.A. Unipersonal	4
Dana Automoción S.A.	11	Schmitz Cargobull Iberica S.A.	1
Faurecia Automotive España S.A.	1	Seguridad De Servicio Movil S.L.	18
Faurecia Sistemas de Escape	2	Talleres Emilio Montañes S.A.	1
FlexNGate Aragón S.L.	3	TI Group Automotive Systems S.A.	61
Gestamp Aragón S.A.	4	Adient Automotive S.L.	2
Gestamp Manufacturing Autochasis S.L.	2	TriStone Flowtech Spain S.A.	1
Icer Brakes S.A.	2	Union Tecnológica del Automóvil S.L.	3
Ilunion Servicios Industriales Aragón S.L.	11	Valeo Térmico S.A.	75
Ilunion Servicios Industriales S.L.	1	Zanini Epila S.L.	11
Insonorizantes Pelzer S.A.	7	ZF-Aftermarket Ibérica SL.	1
KDK-Dongkook Automotive Spain S.A.	15	Zfoam España SL	1
Líon iomlán na bhfiontar: 50		**Líon iomlán na ndaoine a leagadh as a bpost:**	**592**
Líon iomlán daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht:			**0**
Líon iomlán oibrithe incháilithe agus daoine féinfhostaithe:			**592**

Critéir idirghabhála

6. Chuir an Spáinn an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2)(b) den Rialachán maidir le CED, lena n-éilítear 200 oibrí iomarcach ar a laghad a chur ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha 6 mhí i bhfiontair atá ag oibriú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú ag Rannán NACE Athbhreithniú 2, fiontair atá lonnaithe i réigiún amháin nó dhá réigiún thadhlacha arna sainiú ag NUTS leibhéal 2 i mBallstát. Bhí 592 oibrí iomarcach faoi Athbhreithniú 2 NACE, Rannán 29 (Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí) in Aragón (ES24), réigiún atá ar leibhéal 2 NUTS.

7. An tréimhse thagartha 6 mhí atá leis an iarratas, is tréimhse í a mhaireann ón 1 Samhain 2020 go dtí an 1 Bealtaine 2021.

Iomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh

8. Scor ghníomhaíochtaí na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha, rinneadh é a ríomh ó dháta foirceanta *de facto* an chonartha fostaíochta nó ó dháta éaga an chonartha.

Tairbhithe incháilithe

9. I dteannta na n-oibrithe a ndearnadh tagairt dóibh cheana féin, áirítear leis na tairbhithe incháilithe 460 oibrí iomarcach ar cuireadh deireadh lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha 6 mhí nó ina diaidh. Chuir na hoibrithe sin uile deireadh lena ngníomhaíocht laistigh de na 6 mhí roimh thús na tréimhse tagartha an 1 Samhain 2020 agus/nó idir deireadh na tréimhse tagartha agus an lá roimh ghlacadh an togra seo. Is féidir nasc cúisíoch soiléir a dhéanamh amach leis an teagmhas a spreag scor ghníomhaíocht na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha.

10. Dá bhrí sin, is é 1 052 duine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

Cur síos ar na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta

11. Is iad an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar earnáil mótarfheithiclí na Spáinne agus an ganntanas leathsheoltóirí na teagmhais is cúis leis na hiomarcaíochtaí sin.

12. Is é toradh a bhí ar na dianbhearta glasála a cuireadh i bhfeidhm sa Spáinn i Q2 2020 gur ciorraíodh gníomhaíochtaí agus seirbhísí eacnamaíocha neamhriachtanacha, rud ba chúis le clabhsúr a chur ar ghníomhaíocht tráchtála díoltóirí carranna agus ar tháirgeadh carranna ar bhonn sealadach.

13. De réir na sonraí ó Confemetal[6] agus ó Anfac[7], bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim ar ghníomhaíocht agus ar láimhdeachas na bhfiontar atá ag obair san earnáil mótarfheithiclí sa Spáinn, tionchar as ar tháinig laghdú ar dhíolacháin (32.3 %)[8], ar tháirgeadh (18.9 %), agus ar láimhdeachas (11.3 %) in 2020 i gcomparáid le 2019, agus bhí iarmhairtí diúltacha aige sin ar an bhfostaíocht agus ar leachtacht na bhfiontar (mainneachtain íocaíochtaí, rochtain ar chreidmheas, etc.)[9].

14. Tháinig laghdú ar tháirgeadh le haghaidh gach cineál feithicle in 2020.

	2019	2020	Athrú 20/19 (%)
Carranna paisinéirí agus carranna easbhóthair	2 248 291	1 800 664	-19.9
Feithiclí tráchtala éadroma	524 504	430 616	-17.9
Feithiclí tionsclaíocha	49 837	36 905	-26.9

Foinse: Anfac[10]

15. Le linn Eanáir-Meitheamh 2021, bhí táirgeadh feithiclí sa Spáinn (1.2 milliún aonad) fós níos ísle faoi 21.6 % ná an táirgeadh sa tréimhse chéanna in 2019. Bhí an táirgeadh i Meitheamh 2021 (172 696 aonad) níos ísle faoi 33.8 % i gcomparáid le Meitheamh 2019 agus 18.1 % i gcomparáid le Meitheamh 2020[11].

16. De réir Anfac, tá an ganntanas leathsheoltóirí ar fud an domhain ag cur strus breise ar earnáil na gcarranna agus tá meath suntasach ag teacht ar tháirgeadh na gcarranna dá dheasca sin. Ag tús na bliana 2021, rinneadh réamh-mheastachán go gcaillfí thart ar EUR 60 billiún san earnáil mótarfheithiclí de bharr ghéarchéim na sliseanna. Coigeartaíodh an figiúr sin suas go dtí os cionn EUR 90 billiún[12]. Tá coinne ag an earnáil leis go leanfaidh an tsaincheist sin ar aghaidh i rith an chéad leath de 2022[13].

---

6 Is éard is Confemetal ann Cónaidhm na nEagraíochtaí Gnó Miotail sa Spáinn, cónaidhm a dhéanann ionadaíocht ar 220 000 fiontar nó mar sin, agus ar bhreis agus milliún go leith oibrí.

7 Is é Anfac comhlachas monaróirí carranna na Spáinne.

8 https://anfac.com/wp-content/uploads/2021/07/Informe-Anual-ANFAC-2020.pdf

9 Confemetal. An Nuachtlitir '*Metal en cifras'* Uimh. 199, Iúil 2021

10 https://anfac.com/wp-content/uploads/2021/07/Informe-Anual-ANFAC-2020.pdf

11 https://cincodias.elpais.com/cincodias/2021/07/22/companias/1626961844_041144.html

12 https://www.consultancy.eu/news/6273/global-chip-shortage-costs-automotive-sector-90-billion

13 *Ibid*

17. B'éigean don earnáil stad de tháirgeadh carranna sa Spáinn nó é a laghdú mar gheall ar an dianghlasáil agus ar an nganntanas leathsheoltóirí[14], dá bhrí sin thosaigh monaróirí carranna ag úsáid scéimeanna oibre gearr-ama nó dhún siad an táirgeadh síos go sealadach, rud a d'fhág go raibh caillteanais post ina dhiaidh sin[15].

Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus ar athstruchtúrú

18. San iarratas a rinne an Spáinn, thuairiscigh sí an chaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú. Dheimhnigh údaráis na Spáinne gur leanadh de ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun próisis athstruchtúraithe a réamh-mheas agus a bhainistiú níos fearr agus dhearbhaigh siad go ndearnadh na bearta sin.

19. Cuireann an Spáinn i dtábhacht go ndéanann comhlachtaí poiblí faireachán ar phróisis athstruchtúraithe agus go mbainistíonn siad iarratais ar iomarcaíochtaí comhchoiteanna ach gan cead acu iad a údarú ná diúltú dóibh. Is féidir leis na comhlachtaí sin, áfach, cláir a chur ar bun lena gcuirfear cruthú post chun cinn i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí áitiúla nó le comhlachtaí poiblí-príobháideacha (gníomhaireachtaí ath-shocrúcháin).

20. Sula leagtar oibrithe as a bpost, téann comhpháirtithe sóisialta, fiontair agus ionadaithe oibrithe i mbun próisis chaibidlíochta, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, arb é is aidhm dóibh teacht ar chomhaontú maidir le hiomarcaíochtaí agus maidir leis na pleananna socrúcháin sheachtraigh a bheidh ina n-oibleagáid dhlíthiúil ar an bhfiontar a leagfaidh 50 oibrí nó níos mó as a bpost san am céanna. Cuireann na pleananna socrúcháin sheachtraigh cúnamh cuardaigh poist, gairmthreoir agus gairmoiliúint ar fáil do na hoibrithe. Maireann na pleananna sin 6 mhí. Cuireann seirbhís fostaíochta phoiblí Aragon (INAEM) seirbhísí athshocrúcháin ar fáil do na hoibrithe iomarcacha nach bhfuil i dteideal na bpleananna socrúcháin sheachtraigh.

21. Mar chuid den straitéis fostaíochta réigiúnach, reáchtálann INAEM cláir oiliúna éagsúla, amhail Detecta[16] (oiliúint i gcomhar le hobair), oiliúint do dhaoine i bhfostaíocht ghníomhach[17], oiliúint (CTA)[18] (is é atá in CTA ionad ardteicneolaíochtaí laistigh de INAEM a chuireann oiliúint a bhaineann le TFC agus teicneolaíochtaí closamhairc ar fáil).

22. Maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh cheana chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha, tá sé curtha in iúl ag an Spáinn go bhfuil rochtain tugtha ag INAEM do na hoibrithe ar a sheirbhísí ginearálta (tacaíocht um chuardach poist, comhairleoireacht ghairmiúil agus oiliúint – a bhaineann den chuid is mó le teastais ghairmoiliúna a fháil).

An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, sin agus ar an bhfostaíocht

23. In Aragón, is é 2.42 % sciar earnáil na mótarfheithiclí den ghlanfhostaíocht, agus is é thart ar 6 % sciar na hearnála sin den OTI réigiúnach[19].

---

14 Ford, Mercedes-Benz, Renault, Seat, An Stellantis Group agus Volkswagen

15 https://www.silicon.es/la-falta-de-chips-paraliza-la-industria-automovilistica-espanola-2440494

16 https://inaem.aragon.es/sites/default/files/recursos/detecta_ettes_21.pdf

17 https://inaem.aragon.es/cursos-formacion

18 https://inaem.aragon.es/buscador-de-cursos-cta

19 https://caaragon.com/

24. De réir Institiúid Staidrimh Aragón (IAEST), ó mhí Feabhra 2021 go Meitheamh, tháinig laghdú 11 % ar líon na gcuardaitheoirí cláraithe poist in Aragón, ó 85 158 go 75 578[20]. Mar sin féin, tá an dífhostaíocht atá cláraithe 26 % níos airde fós ná na leibhéil roimh an bpaindéim (60 000 cuardaitheoir poist i Meitheamh 2019)[21].

25. I mí an Mheithimh 2021, is é a bhí sa ráta dífhostaíochta réigiúnaí 10.7 %[22], rud atá 3.6 phointe céatadáin níos airde ná meán an Aontais (7.1 %)[23].

26. I measc na gcuardaitheoirí poist go léir in Aragón, is mná iad 60 % díobh (ardaítear an céatadán go 65 % mura gcuirtear san áireamh ach an grúpa daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach). Ina theannta sin, tá 52 % de na cuardaitheoirí poist cláraithe dífhostaithe go fadtéarmach (>12 mhí), agus tá 49 % díobh sin os cionn 50 bliain d'aois[24].

27. Ós rud é go mbaineann 40 % de na tairbhithe spriocdhírithe leis an aoisghrúpa 54+ agus gur mná iad trian de na hoibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht, beidh tionchar ar leith ag na cásanna dífhostaíochta ar an dá chatagóir oibrithe sin atá faoi mhíbhuntáiste cheana féin ar an margadh saothair réigiúnach. Áitíonn na húdaráis réigiúnacha go mbeidh gá ag na hoibrithe a leagadh as a bpost le tacaíocht bhreise spriocdhírithe chun go mbeidh siad in ann poist nua a fháil.

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú

28. Meastar gur 320 is líon do na hoibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. Is mar seo a leanas atá an miondealú a rinneadh ar na hoibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa, agus an leibhéil oideachais atá acu:

	Catagóir	An líon tairbhithe a bhfuil coinne leo	
Inscne:	Fir:	211	(65.9 %)
	Mná:	109	(34.1 %)
	Neamh-dhénártha	0	(0.00 %)
Aoisghrúpa:	Faoi bhun 30 bliain:	31	(9.7 %)
	30-54 bliana:	162	(50.6 %)
	Os cionn 54 bliana:	127	(39.7 %)
Leibhéal oideachais	Meánoideachas íochtarach nó níos lú[25]	111	(34.7 %)
	Oideachas ard-mheánscolaíochta[26] nó iar-	151	(47.2 %)

20 http://www.aragon.es/iaest (An dífhostaíocht a bhí cláraithe, Meitheamh 2021)
21 https://www.facebook.com/GobAragon/posts/6537004519658572
22 https://datosmacro.expansion.com/paro-epa/espana-comunidades-autonomas/aragon
23 https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Unemployment_statistics
24 http://www.aragon.es/iaest (An dífhostaíocht a bhí cláraithe, Meitheamh 2021)
25 ISCED 0-2
26 ISCED 3

	mheánscolaíochta[27]		
	An t-oideachas treasach[28]	58	(18.1 %)

Bearta atá molta

29. Seo a leanas na bearta atá i gceist leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar do na hoibrithe iomarcacha:

– Faisnéis ghinearálta agus seisiúin fáiltithe. Is é an seisiún faisnéise an chéad bheart a thairgfear do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, agus áirítear ann faisnéis ghinearálta maidir leis an gcomhairleacht gairme atá ar fáil, mar aon le cláir oiliúna agus dreasachtaí. Sna seisiúin faisnéise aonair, áirítear próifíliú an rannpháirtí chomh maith le ceapadh an chomhairleora a bheidh ag tionlacan an oibrí le linn phróiseas an athfhostaithe.

– Cuirfear gairmthreoir ar fáil trí sheisiúin ghrúpa agus trí sheisiúin aonair. Oibrithe ar suim leo a bheith féinfhostaithe, gheobhaidh siad seisiúin teagaisc, seisiúin ina bhféadfaí na nithe seo a leanas a chumhdach – pleanáil, staidéir féidearthachta a chur i gcrích, pleananna gnó a ullmhú, deiseanna maoinithe a shainaithint, etc.

– Dianchúnamh i gcuardach poist. Le seisiúin dhésheachtainiúla gheobhaidh oibrithe eolas ar theicnící cuardaigh poist agus próisis earcaíochta. Cuimsítear sa bheart seo deiseanna fostaíochta áitiúla agus réigiúnaí a chuardach go gníomhach, agus meaitseáil post.

– Oiliúint. Áireofar air sin **(1) Oiliúint chothrománach**, amhail scileanna boga agus scileanna digiteacha. **(2) Athoiliúint ghairmiúil** dóibh siúd a roghnaíonn a ngairm bheatha a atreorú lasmuigh d'earnáil na mótarfheithiclí, amhail lóistíocht, táthú, uirlisí thionscal 4.0 i dtimpeallachtaí táirgthe (eilimintí bunúsacha, fadhbanna agus próiseas cur chun feidhme maidir le feithiclí treoraithe uathoibrithe (AGV), Réaltacht Mhéadaithe agus Réaltacht Fíorúil (AR/VR) agus COBOTS[29] sa táirgeadh), nó Lean Six Sigma (bainistíocht tionscadal). **(3) Uas-sciliú gairmoiliúna** chun scileanna a bhfuil éileamh orthu in earnáil na mótarfheithiclí a theagasc, amhail rioscaí a chosc agus a bheith ag obair le cadhnraí HEV[30]; uathoibriú cibear-shlándála agus brath bagairtí; iniúchóir inmheánach cáilíochta in earnáil na mótarfheithiclí; Uirlisí AIAG ríthábhachtacha[31], ar uirlisí riachtanacha iad chun Córas Bainistíochta Cáilíochta don Tionscal Mótarfheithiclí a chur chun feidhme, lena n-áirítear Pleanáil Ardcháilíochta Táirgí & Plean Rialaithe (APQP), Próiseas Formheasa Táirgthe Páirteanna (PPAP), Anailís ar Mhód agus Tionchar Mainneachtana

27 ISCED 4

28 ISCED 5-8

29 Ardáin uathoibrithe ilúsáide is ea COBOTS nó róbait chomhoibríocha ar féidir iad a úsáid le haghaidh réimse ollmhór tascanna idir meilt agus snasú agus cothabháil meaisíní, tástáil fola nó pacáistiú bia.

30 Ceallraí feithiclí leictreacha hibrideacha.

31 Is eagraíocht sheachbhrabúsach é Grúpa Gníomhaíochta na hEarnála Mótarfheithiclí (AIAG), eagraíocht ina n-oibríonn cuideachtaí i dtionscail na ngluaisteán i gcomhar le chéile chun costais agus castacht sa slabhra soláthair a laghdú. Áirítear ar chomhaltaí AIAG déantúsóirí domhanda buntrealaimh amhail GM, Boeing, Toyota, Tesla, Honda, Polaris, Volkswagen, Caterpillar, Nissan, Stellantis, etc. agus go leor dá sólathróirí páirteanna, lena n-áirítear Adient, ZF, Aptive, Bosch, Tenneco, Continental, Magna, Lear, Dana, Freudenberg, i measc cuideachtaí eile.

(FMEA), Próiseas Rialú Staidrimh (SPC) agus Anailís ar Chóras Tomhais (MSA); etc.

– Dreasachtaí. **(1) Dreasacht rannpháirtíochta.** Na hoibrithe a chríochnaíonn na bearta ar fad atá ina bplean comhaontaithe chun filleadh ar an obair, gheobhaidh siad cnapshuim EUR 500 (EUR 700 do rannpháirtithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu); **(2) Dreasachtaí socrúcháin.** Gheobhaidh tairbhithe cnapshuim EUR 300 ach iad filleadh ar obair lena ngabhfaidh conradh 3 mhí ar a laghad. Is é is aidhm don dreasacht go spreagfar daoine le dul ag obair arís go tapa agus go bhfaighidh oibrithe scothaosta an spreagadh chomh maith le fanacht sa mhargadh saothair; **(3) Ranníocaíocht le speansais taistil chun na hoibre.** Is féidir leis na tairbhithe aisíocaíocht ar chostais iompair phoiblí nó EUR 0.19/ciliméadar a fháil nuair a dhéanann siad taisteal i gcarr príobháideach chun páirt a ghlacadh sna bearta.

30. Socraíodh go mbeadh na bearta i gcomhréir le Straitéis Geilleagair Chiorclaigh na Spáinne[32]. Leis an oiliúint chothrománach i scileanna digiteacha mar aon le cuid den oiliúint bheartaithe uas-scilithe/athscilithe, déantar freastal ar an riachtanas na scileanna a scaipeadh a theastaíonn sa ré dhigiteach thionsclaíoch agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 7.2 den Rialachán maidir le CED.

31. Is é atá i gceist le pacáiste comhordaithe na seirbhísí pearsanaithe atá beartaithe, pacáiste a bhfuil tuairisc air anseo, bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair laistigh de na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Na seirbhísí atá á mbeartú, ní seirbhísí iad a chuirfear in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

32. Sholáthair an Spáinn an fhaisnéis a theastaíonn maidir le bearta atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach dtiocfadh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

Buiséad measta

33. Is é EUR 1 652 780 luach na gcostas measta ina n-iomláine, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 1 600 280 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 52 500 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, mar aon le gníomhaíochtaí rialaithe agus tuairiscithe.

34. Is é EUR 1 404 863 (85 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

35. Is le maoiniú ó sheirbhís fostaíochta poiblí Aragón (INAEM) a sholáthraítear an réamh-mhaoiniú náisiúnta agus an cómhaoiniú náisiúnta.

Bearta	An líon measta rannpháirtithe	An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[33]	Costais mheasta iomlána *(EUR)*[34]

[32] https://www.miteco.gob.es/es/calidad-y-evaluacion-ambiental/temas/economia-circular/estrategia/

[33] Chun deachúlacha a sheachaint, slánaítear na costais mheasta in aghaidh an rannpháirtí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Spáinn isteach.

[34] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2)(a) den Rialachán maidir le CED)			
Seisiúin faisnéise ginearálta agus seisiúin fáiltithe. (*sensibilización y acogida)*	320	374	119 680
Gairmthreoir (*orientación profesional)*	320	800	256 000
Dianchúnamh i gcuardach poist (*intermediación laboral y búsqueda de empleo)*	320	1 100	352 000
Oiliúint (*formación)*	260	1 954	508 000
Fo-iomlán (a): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe	–		1 235 680 (77.22 %)
Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2)(b) den Rialachán maidir le CED)			
Dreasachtaí (*incentivo a la participación, a la búsqueda de empleo, y contribución a los gastos de desplazamiento)*	310	1 176[35]	364 600
Fo-iomlán (b): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe:	–		364 600 (22.78 %)
Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) den Rialachán maidir le CED			
1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin	–		6 000
2. Bainistíocht	–		2 500
3. Faisnéis agus poiblíocht	–		2 000
4. Rialú agus tuairisciú	–		42 000
Fo-iomlán (c): An céatadán de na costais iomlána:	–		52 500 (3.18 %)
Costais iomlána (a + b + c):	–		1 652 780
Ranníocaíocht ó CED (85 % de na costais iomlána)	–		1 404 863

36. Costais na mbeart atá sainaitheanta sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2)(b) den Rialachán maidir le CED, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána don phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Spáinn go ngabhann coinníoll leis na bearta sin, eadhon nach mór do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú

[35] Cuirtear an costas in aghaidh an rannpháirtí sa bheart seo ar fáil chun críoch léirithe, agus chun na gcríoch sin amháin, mar go mbeidh an costas iarbhír in aghaidh an rannpháirtí ag brath ar chás aonair gach oibrí agus ar a incháilitheacht/a hincháilitheacht le haghaidh na gcineálacha éagsúla dreasachtaí.

a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist nó i ngníomhaíochtaí oiliúna.

Tréimhse incháilitheachta caiteachais

37. An 15 Deireadh Fómhair 2021, tosóidh an Spáinn ag soláthar na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 15 Deireadh Fómhair 2021 go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoinithe i bhfeidhm.

38. An 1 Deireadh Fómhair 2021, thosaigh an Spáinn ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go ceann 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoinithe i bhfeidhm.

Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais

39. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thuas agus atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Spáinn nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais freisin ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais.

40. Leis an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, comhlánaítear gníomhaíochtaí atá á maoiniú le cistí náisiúnta eile nó le cistí eile de chuid an Aontais, amhail na seirbhísí ginearálta socrúcháin sheachtraigh a thairgeann an tseirbhís fostaíochta phoiblí réigiúnach nó na pleananna socrúcháin sheachtraigh.

Dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, nó lena gcuid ionadaithe, nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

41. Tá sé tugtha le fios ag an Spáinn gur cuireadh an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i dtoll a chéile i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta (UGT[36], CCOO[37], CEPYME[38] agus CEOE[39]). Pléadh an t-iarratas ar an leibhéal polaitiúil ag cruinniú idirphlé shóisialta an 3 Nollaig 2020 agus an 16 Iúil 2021. Tionóladh cruinniú teicniúil an 26 Meitheamh 2021. Beidh na comhpháirtithe sóisialta páirteach freisin i gcur chun feidhme an phacáiste beart, mar a rinne siad i gcásanna CED roimhe seo a bhain le Aragón[40]. D'iarr INAEM tuairimí ar Chomhlachas Mótarfheithiclí Aragón (CAAR) maidir le scileanna a bhfuil éileamh orthu agus leis an oiliúint is oiriúnaí chun go mbeidh na hoibrithe iomarcacha filleadh ar an obair in earnáil na mótarfheithiclí gan dua.

Córais bhainistíochta agus rialaithe

42. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Spáinn fógra don Choimisiún gurb iad na comhlachtaí a bhainistíonn agus a rialaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa

36 http://www.ugt.es
37 https://www.ccoo.es
38 https://www.cepyme.es
39 https://www.ceoe.es
40 EGF/2008/004 ES Castilla y León agus Aragón automotive, COM(2009) 150; EGF/2010/016 ES *Aragón retail* [Seirbhísí Miondíola Aragón], COM(2010) 615; EGF/2011/017 ES *Aragón construction* [Earnáil Foirgníochta Aragón], COM(2012) 290 agus EGF/2014/003 ES *Aragón food and beverage services* [Seirbhísí Bia agus Deochanna Aragón], COM(2014) 456.

Plus a bhainisteoidh agus a rialóidh an ranníocaíocht airgeadais. Beidh INAEM ina chomhlacht idirmheánach don údarás bainistíochta.

Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann

43. Chuir an Spáinn na dearbhuithe uile ar fáil a bhfuil gá leo maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear le prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe maidir le rochtain ar na bearta atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na mbeart sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– na fiontair a rinne oibrithe a dhífhostú agus a lean dá gcuid gníomhaíochtaí tar éis dóibh na daoine lena mbaineann a leagan as, is fiontair iad a bhfuil a gcuid oibleagáidí dlíthiúla comhlíonta acu, agus riar déanta acu ar a gcuid oibrithe dá réir,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta, sin agus le rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Togra buiséadach

44. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027[41].

45. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) den Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún EUR 1 404 863 a shlógadh as CED, sin 85 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don iarratas.

46. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach[42].

Gníomhartha gaolmhara

47. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le EUR 1 404 863 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

---

41 IO L 433, 22.12.2020, lch. I/11.

42 IO L 433, 22.12.2020, lch. I/29.

48. An tráth céanna a ghlac sé an togra seo le cinneadh CED a shlógadh, ghlac an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais[43]. Tiocfaidh an cinneadh airgeadais sin i bhfeidhm ar an dáta a fhaigheann an Coimisiún fógra faoi fhormheas an aistrithe bhuiséadaigh a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

[43] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1

2021/0356 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón Spáinn – EGF/2021/004 ES / Aragón automotive

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[44], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, an comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua[45] a thabhairt isteach, agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, sin agus cúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (i bpraghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[46].

(3) An 26 Iúil 2021, chuir an Spáinn iarratas isteach ar CED a shlógadh i ndáil le hiomarcaíochtaí oibrithe san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE')[47], Athbhreithniú 2, Rannán 29 (Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí) in ainmníocht chomhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh ('NUTS')[48] a bhaineann le

---

44 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

45 IO L 433, 22.12.2020, lch I/29.

46 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433, 22.12.2020, lch. I/11).

47 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha Athbhreithniú 2 NACE agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

48 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

Aragón (ES24) na Spáinne, réigiún atá ar leibhéal 2 NUTS. Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/691. Comhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED, coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/691.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 404 863 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Spáinn isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlactar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2021, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun EUR 1 404 863 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*ó dháta a ghlactha*]*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1-56.

* An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear san IO é.